# POLASAÍ GAEILGE NA SCOILE

## Meán Scoil Mhuire

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach:** | Ms. Karen Clabby |
| **Príomhoide Gníomhach:** | Ms. Mairéad Lyons |
| **Dáta:** | 27/ 09/2023 |

**MEÁN SCOIL MHUIRE LONGFORT**

***POLASAÍ GAEILGE NA SCOILE***

Is í an Ghaeilge ár dteanga dhúchais. Is cuid dár n-oidhreacht í agus cuireann sí go mór lenár gcuid féiniúlachta féin. De thairbhe sin, tá stádas ar leith aici i saol phobal na scoile.

Is meánscoil í Meán Scoil Mhuire agus baintear úsáid as gach deis chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Tá an Ghaeilge mar chuid de churaclam na scoile. Is croí-ábhar í agus ní ghlacfar le hiarracht stádas na Gaeilge a ísliú ag leibhéal ar bith.

**Aidhmeanna:**

i) feasacht teanga agus grá don Ghaeilge a mhúscailt i measc na scoláirí
ii) béim a chur ar an gcumarsáid ó bhéal, mar bhunús d'fhorbairt na scileanna teanga
iii) béim ar shealbhú na scileanna teanga – éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh
iv) an tuiscint a mhúscailt sna scoláirí gur teanga bheo í an Ghaeilge
v) an tuiscint a mhúscailt sna scoláirí gur teanga an phobail í an Ghaeilge – nach mbaineann sí leis an seomra ranga amháin ach gur féidir leo a saoil a chaitheamh trí mheán na Gaeilge, más mian leo.
vi) go mbainfidh na scoláirí taitneamh agus tairbhe as an nGaeilge a labhairt lena chéile ar scoil, sa bhaile agus i measc an phobail.
vii) go dtuigfidh na scoláirí go bhfuil sé de dhualgas ag gach duine an Ghaeilge a chothú, a fhorbairt agus a chaomhnú do na glúinte atá le teacht.

**Dualgaisí:**

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na múinteoirí Gaeilge. Labhraíonn siad an Ghaeilge leis na scoláirí laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, agus le múinteoirí eile a bhfuil fonn orthu an Ghaeilge a labhairt.
- Tugtar spreagadh do na scoláirí an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin, le cuairteoirí a bhfuil an Ghaeilge acu, agus sa bhaile.
- Bítear ag súil go mbainfidh na scolairí úsáid as an nGaeilge lasmuigh den seomra ranga ag am lóin, tar éis scoile agus ag ócáidí Gaeilge.
- Tacaíonn an Bord Bainistíochta agus foireann na scoile leis an bpolasaí seo. Bíonn an Ghaeilge in úsáid ag an bPríomhoide agus ag an bPríomhoide Tánaisteach ag ócáidí Gaeilge agus ócáidí scoile eile.
- Bíonn comhfhreagras ón scoil chuig Gaeltachtaí agus eagraíochtaí Gaeilge i nGaeilge.
- Déantar gach iarracht atmaisféar Gaelach a chruthú sa scoil. Le seo, áirítear comhar-thaíocht, postaeir, fógraí, srl.
- Tapaíonn an scoil gach aon deis an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn.
- Eagraítear béaltriail nó tasc cumarsáideach mar chuid de scrúdú na Gaeilge um Nollaig agus sa Samhradh, ón gcéad bhliain ar aghaidh. Baintear úsáid as sraith pictiúr nuair a oireann sé do scrúdú, mar ullmhúchán do Scrúdú na hArdteiste.
- Tá Measúnú Rangbhunaithe 1:Punann Teanga (sa dara bliain anois) agus Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach (sa tríú bliain) mar chuid de mheasúnú na Sraithe Sóisearaí.
- Déantar fiosrúchán faoi scoláirí sa chéad bhliain a deir go bhfuil díolúine acu sa Ghaeilge.

- Baintear úsáid ní hamháin as téascleabhair Ghaeilge, ach as irisí Gaeilge, nuachtáin Ghaeilge, suíomhanna idirlín, Raidió, TG4 srl.
- Eagraítear ranganna nó imeachtaí ina bhfuil nasc idir an Ghaeilge agus ábhar scoile eile.
- Moltar do na múinteoirí Gaeilge an leagan Gaeilge d'ainmneacha/shloinnte na scoláirí a úsáid mar rolla ranga agus a chrochadh ar bhalla an tseomra ranga.
- Moltar do na múinteoirí an leagan Gaeilge de na rialacha scoile a chrochadh ar bhalla an tseomra ranga.
- Moltar do gach scoláire tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht, freastal ar chlubanna Óige na Gaeilge, a bheith páirteach in ócáidí Gaeilge na scoile agus an phobail, agus in eagrúchán imeachtaí d'eagraíochtaí Gaeilge áitiúla. Mar scoil DEIS, tá scoláireachtaí ar fáil dóíbh siúd a bhfuil spéis acu freastal ar choláiste samhraidh.
- Moltar do na múinteoirí Gaeilge bolscaireacht a dhéanamh maidir le himeachtaí agus ócáidí Gaeilge na scoile agus leas a bhaint as Teams PR do thuairiscí agus ghrianghraif.
- Baintear úsáid as Clár na bhFógraí
- Eagraíonn na múinteoirí Gaeilge imeachtaí breise trí Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga go deonach agus go díograiseach.
- Maidir leis an WSG, Treoir na Scoile Uile, a threoraíonn gairmthreoraí na scoile, tá baint ag Roinn na Gaeilge le Treoir do Chách. Tugann na múinteoirí Gaeilge eolas do na scoláirí maidir le gairmeacha agus rogha na bhféidearthachtaí gairmeacha atá ar fáil dóibh agus an Ghaeilge i gceist.

**Spreagadh na Gaeilge:**

Is iad na múinteoirí Gaeilge príomhfhoinse Ghaeilge na scoláirí sa scoil.
Is orthusan a thiteann sé an Ghaeilge a spreagadh i measc na scoláirí.
Aithníonn na múinteoirí Gaeilge an tabhacht a bhaineann le labhairt na Gaeilge, gur ‘‘beatha teanga í a labhairt.’’
Aithníonn na múinteoirí Gaeilge an tábhacht a bhaineann le léamh agus le scríobh na Gaeilge agus forbairt teanga i gceist, gur ‘‘buanú teanga í a scríobh.’’
Aithníonn na múinteoirí Gaeilge go bhfuil sé fíorthábhachtach feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta i measc a scoláirí, gur scileanna beatha iad atá riachtanach don fhoghlaim agus don saol.
Bíonn an bhéim i gcónaí ar spreagadh dearfach. I measc na modhanna chun an teanga a chur chun cinn i measc na scoláirí, tá:

- Bronnadh Fáinní (Oíche na nGradam)
- Díospóireachtaí (Gael Linn)
- Drámaíocht (Fibín, Aisling Ghéar srl)
- Taibhiú / Drámaí Beaga Ranga
- Comórtais (SnaG, srl)
- Duaiseanna
- Scéalaíocht (Údair/Filí)
- Amhránaíocht
- Rince
- Scannáin m.s. An Cailín Ciúin
- Seachtain na Gaeilge
- Imeachtaí Scoile (Aifreann, Ceolchoirm srl)

- Tionscnaimh (Oíche Ghradam na hIdirbhliana)
- Imeachtaí eagraíochtaí
- Clubanna Óige
- Tráth na gCeist
- Lón Seachtainiúil leis an séú bliain
- Ceardlanna (Clár na Leabhar Gaeilge agus Éigse Éireann le Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna)
- Cuairteoirí/Aíonna m.s. Ré Ó Laighléis, údar
- Seoladh Leabhar
- Club Leabhar
- Club Seachtainiúil dár ranganna Sóisearacha
- Imeacht Ghaeilge ar an Lá Oscailte
- Lá Spraoi do Bhunscoil
- Imeachta ar an Lá Oscailte do dhaltaí ó rang a sé
- An Ghaeilge sa Bhaile
- Nuachtlitir
- An Teicneolaíocht
- Cluichí a dhearadh
- Obair ranga spreagúil

**Déantar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go bliantúil.**